CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2023/653 ÓN gCOMHAIRLE

An 20 Márta 2023

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/472 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/472 ([1]), lenar bunaíodh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI).

(2) An 26 Márta 2021, tar éis athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar an oibríocht, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/542 ([2]), lenar cuireadh síneadh, *inter alia*, le EUNAVFOR MED IRINI go dtí an 31 Márta 2023.

(3) I gcomhthéacs an athbhreithnithe straitéisigh ar an oibríocht, d'aontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart síneadh a chur le EUNAVFOR MED IRINI go dtí an 31 Márta 2025.

(4) Ba cheart diúscairt arm agus ábhar gaolmhar a d'urghabh EUNAVFOR MED IRINI a éascú a thuilleadh.

(5) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2020/472 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/472 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

"Maidir le Ballstát a chabhróidh le EUNAVFOR MED IRINI chun airm agus ábhar gaolmhar urghafa a dhiúscairt, glacfaidh sé de chúram air féin, tar éis do EUNAVFOR MED IRINI deimhniú urghabhála a sholáthar, na nósanna imeachta is gá a chur i gcrích a luaithe is féidir chun go bhféadfar na hearraí urghafa a dhiúscairt, faoi chuimsiú an dlí náisiúnta agus na nósanna imeachta náisiúnta is infheidhme. Tabharfaidh EUNAVFOR MED IRINI deimhniú diúscartha don Bhallstát sin.";

(2) in Airteagal 13, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"4. EUR 16 921 000 a bheidh sa mhéid tagartha do chostais choiteanna EUNAVFOR MED IRINI don tréimhse ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2025. Is 10 % i ngealltanais agus 5 % in íocaíochtaí a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509.";

([1]) Cinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) (IO L 101, 1.4.2020, lch. 4).

([2]) Cinneadh (CBES) 2021/542 ón gComhairle an 26 Márta 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/472 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) (IO L 108, 29.3.2021, lch. 57).

(3) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Tiocfaidh deireadh le EUNAVFOR MED IRINI an 31 Márta 2025.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Marta 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES